**Preasráiteas 26.09.2024**

**Daltaí i Nás na Ríogh ag Cur na Gaeilge Chun Cinn ag Meitheal na nÓg**

**Nás na Ríogh, Co. Chill Dara – 24 Meán Fómhair 2024**

Bhí an Ghaeilge bheo i Nás na Ríogh an tseachtain seo nuair a bhailigh grúpa daltaí scoile le chéile d'imeacht úrnua, eagraithe ag Cill Dara le Gaeilge. Bhí an-éileamh ar an imeacht agus bhí atmaisféar thar a bheith beomhar ann. Tá Cill Dara le Gaeilge ag súil le rud bliantúil a dhéanamh as an imeacht seo.

D'eagraigh Cill Dara le Gaeilge comhdháil speisialta do dhaltaí meánscoile i Nás na Ríogh, darb ainm Meitheal na nÓg. Ghlac seacht ndalta dhéag páirt sa Mheitheal, ó cheithre scoil sa bhaile; Gaelcholáiste Chill Dara, Coláiste Cnoc an Phíobaire, Meánscoil Iognáid Rís agus Coláiste Naomh Muire.

Bhuail an grúpa le chéile in óstán an Town House, agus ghlacadar páirt i:

- Cluichí briste oighir
- Tascanna neartaithe foirne
- Ceardlann ar Réaltacht Fhíorúil
- Ceardlann ar Intleacht Shaorga.

An aidhm a bhí ag an tionscnamh seo ná an Ghaeilge a chur chun cinn i measc déagóirí. Rinneadh dearadh ar an gclár le díriú ar rannpháirtíocht pobal na n-óg in imeachtaí éagsúla trí mheán na Gaeilge. Bhí Cill Dara le Gaeilge ag iarraidh spás a chur ar fáil do dhaoine óga bualadh le chéile agus páirt a ghlacadh in imeachtaí spéisiúla a léiríonn na deiseanna atá ann dóibh an Ghaeilge a úsáid go sóisialta.

Anuas ar seo, thug Meitheal na nÓg deis do dhéagóirí an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den seomra ranga, aithne a chur ar dhaoine óga eile le spéis sa teanga, agus scileanna nua teoiriciúla agus praicticiúla a fhoghlaim.

Is cosúil gur thaitin Meitheal na nÓg go mór leis na daltaí a bhí i láthair ar an lá, "Bhí an méid sin craic agus spraoi againn!" a dúirt dalta amháin ó Ghaelcholáiste Chill Dara, ag

cur in iúl an taithí spraíúil a bhí acu. “Ba dheis iontach é bualadh le daoine nua freisin”.

“Bhain mé an-taitneamh as an lá. Ba é an Réaltacht Fhíorúil an píosa is fearr liom; ní raibh sé déanta agam cheana. Tá mé ag súil go mór leis an gcéad imeacht eile!” a dúirt dalta eile  ó Choláiste Naomh Muire.

Buailfidh an grúpa dalta le chéile arís san athbhliain le páirt a ghlacadh i dara cheardlann ar Réaltacht Fhíorúil. Forbróidh siad a gcuid scileanna ón gcéad lá agus oibreoidh siad ar thionscnamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal.

Tá Cill Dara le Gaeilge an bhuíoch as an gcomhoibriú leis na scoileanna, a bhí an-dearfach faoin tionscnamh agus a rinne teagmháil leis na daltaí ar a son. Gabhann siad buíochas speisialta le Tom agus le hAoife ó Foróige a tháinig chun an cheardlann ar Réaltacht Fhíorúil a rith, agus le hEoghan ó DCU a rinne reachtáil ar an gceardlann ar Intleacht Shaorga.

Tá ríméad ar an bhfoireann le dea-aiseolas na ndaltaí. Tuigeann siad an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge a spreagadh sa chéad ghliún trí dheiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga a dteanga dúchais a labhairt. Tá siad ag súil go mór le Meitheal na nÓg a reachtáil go bliantúil, chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na n-óg.

Tá deich nGaelscoil chomh maith le naíonraí, grúpaí pobail, eagraíochtaí agus coláistí samhraidh gníomhach i gContae Chill Dara. De réir dhaonáireamh náisiúnta 2022, tá Gaeilge ag 95,484 duine i gcontae Chill Dara!

Tugtar maoiniú do Chill Dara le Gaeilge tríd an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge 2022-2024 Fhoras na Gaeilge. Tacaíonn an scéim seo le hobair Chill Dara le Gaeilge chun líonra Gaeilge a fhorbairt i gceantar bhardasach Nás na Ríogh agus na Solláin. Is é Líonra Oirthear Life ainm an ábhar líonra seo.

**Tuilleadh Eolais:**

Caoimhe Ní Shuilleabháin, Cill Dara le Gaeilge, caoimhe@cilldaralegaeilge.ie, 045397320

Sarah Walsh, Cill Dara le Gaeilge, sarah@cilldaralegaeilge.ie, 045397320

**Press release 26.09.2024**

**Pupils in Naas Promoting the Irish Language at Meitheal na nÓg**

**Naas, Co. Kildare – 24 September 2024**

The Irish language was lively in Naas this week when a group of students gathered for a brand new event organised by Cill Dara le Gaeilge. The event was in great demand and there was a very lively atmosphere. We are looking forward to making something yearly out of this event.

Cill Dara le Gaeilge organised a special conference for secondary school students in Naas, called Meitheal na nÓg. Seventeen students took part in the Meitheal, from four schools in the town; Gaelcholáiste Chill Dara, Piper's Hill College, Naas CBS and St Mary's College.

The group met in the Town House Hotel, and took part in:

- Ice breaker games
- Team building tasks
- Virtual Reality workshop
- Artificial Intelligence workshop

The aim of this initiative was to promote the Irish language among teenagers. The programme was designed to target the participation of the youth community in various events through the medium of Irish. Cill Dara le Gaeilge wanted to provide a space for young people to meet and participate in interesting events that illustrate the opportunities for them to use the Irish language socially.

As well as this, Meitheal na nÓg gave teenagers the opportunity to use Irish outside of the classroom, get to know other young people with an interest in the language, and learn new theoretical and practical skills.

The students present on the day seemed to really liked Meitheal na nÓg, “We had so much fun!” said one student from Gaelcholáiste Chill Dara, pointing out their fun experiences. “Meeting new people was also a great opportunity”.

“I really enjoyed the day. Virtual Reality was my favourite piece; I hadn't done it before. I'm looking forward to the next event!" said another student from St Mary’s College.

The group will meet again in the new year to take part in a second workshop on Virtual Reality. They will develop their skills from day one and work on an initiative to promote the Irish language in the community.

Cill Dara le Gaeilge is grateful for the cooperation with the schools, who were very positive about the initiative and who contacted the students on their behalf. A special thanks to Tom and Aoife from Foróige who came to run the Virtual Reality workshop, and to Eoghan from DCU who ran the AI workshop.

The team is delighted with the students’ good feedback. They understand the importance of encouraging Irish in the first generation by providing opportunities for young people to speak their native language. They look forward to running Meitheal na nÓg on an annual basis, to promote the Irish language among young people.

There are ten Gaelscoileanna as well as naíonraí, community groups, organisations and summer colleges active in County Kildare. According to the 2022 national census, 95,484 people in county Kildare speak Irish!

Cill Dara le Gaeilge is funded through Foras na Gaeilge’s Irish Language Networks Development Scheme 2022-2024. This scheme supports the work of Cill Dara le Gaeilge in developing an Irish language network in the Naas and Sallins municipal area. The Líonra Oirthear Life is the name of this proposed network.

**More Information:**

Caoimhe Ní Shuilleabháin, Cill Dara le Gaeilge, caoimhe@cilldaralegaeilge.ie, 045397320

Sarah Walsh, Cill Dara le Gaeilge, sarah@cilldaralegaeilge.ie, 045397320